



An Bhruiséil, 14 Samhain 2016
(OR. en)

14244/16

COEST 292
CFSP/PESC 925

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
An:	14 Samhain 2016
chuig:	na toscaireachtaí
Uimh. an doic. roimhe seo:	14243/16 COEST 291 CFSP/PESC 923
Ábhar:	COMHPHÁIRTÍOCHT AN OIRTHIR – Conclúidí ón gComhairle

1. Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal san Iarscríbhinn na conclúidí ón gComhairle maidir le Comhpháirtíocht an Oirthir, mar a ghlac an Chomhairle (Gnóthaí Eachtracha) iad ar an 14 Samhain 2016

Conclúidí ón gComhairle maidir le Comhpháirtíocht an Oirthir

An Chomhairle Gnóthaí Eachtracha, 14 Samhain 2016

1. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá Comhpháirtíocht an Oirthir, mar ghné shonrach de Bheartas Comharsanachta na hEorpa (BCE) lena gcuirtear ar fáil dlúthchomhlachas polaitiúil agus comhtháthú eacnamaíoch leis an Aontas mar aon le torthaí inláimhsithe do shaoránaigh. Meabhraíonn an Chomhairle go bhfuil Comhpháirtíocht an Oirthir bunaithe ar thiomantas comhpháirteach don dlí idirnáisiúnta agus do luachanna bunúsacha, lena n-áirítear an daonlathas, an smacht reachta, urraim do chearta an duine agus do shaoirsí bunúsacha agus do chomhionannas inscne, agus chomh maith leis sin do gheilleagar an mhargaidh, don fhorbairt inbhuanaithe agus don dea-rialachas.
2. Is díol sásaimh don Chomhairle an dul chun cinn a rinneadh maidir le cur chun feidhme gealltanais a comhaontaíodh ag cruinniú mullaigh Ríge sna gnéithe déthaobhacha agus ilthaobhacha araon de Chomhpháirtíocht an Oirthir. Is díol sásaimh di cur chun feidhme BCE athbhreithnithe lena gcumasaítear caidreamh déthaobhach a bheidh níos difreáilte agus níos saincheaptha, bunaithe ar na riachtanais agus na leasanna comhchoiteanna atá ag an Aontas agus tíortha comhpháirtíochta. Is díol sásaimh freisin don Chomhairle go leagtar béim ar Chomharsanacht an Aontais sa Straitéis Dhomhanda do Bheartas Eachtrach agus Slándála an Aontais Eorpaigh.

3. Ag aithint di an dul chun cinn atá déanta ag na tíortha comhpháirtíochta, leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá tiomantas leantach chun próiseas an athbhreithnithe a shaothrú, go háirithe sna breithiúna, sa chomhrac i gcoinne an éillithe agus sa riarachán poiblí. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go dtacaíonn sí le clár oibre an athbhreithnithe ó na comhpháirtithe, i gcomhréir le cur chuige dreasacht-bhunaithe an Aontais. Tá cur chun feidhme athchóirithe riachtanach ionas go n-éireoidh le Comhpháirtíocht an Oirthir i gcónaí agus tá dlúthbhaint idir é agus teacht aniar stáit agus sochaíoch na dtíortha comhpháirtíochta a threisiú mar a chuirtear in iúl i Straitéis Dhomhanda an Aontais.
4. Is díol sásaimh don Chomhairle an dul chun cinn atá déanta maidir le Comhaontuithe Comhlachais/Limistéir Dhoimhne Chuimsitheacha Shaorthrádála (AA/DCFTA) a chur chun feidhme leis an tSeoirsia, le Poblacht na Moldóive agus leis an Úcráin lena bhforáiltear go gcuirfí dlús le comhlachas polaitiúil agus le comhtháthú eacnamaíoch leis an Aontas. Is díol sásaimh don Chomhairle an dul chun cinn a rinneadh sa chaibidlíocht faoi chomhaontú réime nua leis an Airméin agus meabhraíonn sí a cinneadh chun tús a chur le caibidlíocht maidir le comhaontú cuimsitheach nua le hAsarbaiseáin a údarú, ar cheart go dtabharfaí bunús fóna do chaidreamh fadtéarmach leis na tíortha sin mar gheall ar an dá rud sin. Meabhraíonn an Chomhairle an feabhas atá tagtha ar an gcaidreamh idir an tAontas agus an Bhealarúis mar a leagtar amach sna Conclúidí uaithi i mí Feabhra 2016 agus is díol sásaimh di an deis chun an caidreamh idir an tAontas Eorpach agus an Bhealarúis a fhorbairt tuilleadh, i gcomhréir le céimeanna nithiúla atá le glacadh ag an mBealarúis, lena n-áirítear i réimse chearta an duine agus an daonlathais.
5. Athdhearbhaíonn an Chomhairle gur trí ghné eacnamaíoch agus trádála Chomhpháirtíocht an Oirthir a neartú go gcuideofar le comhtháthú eacnamaíoch leis an Aontas a threisiú tuilleadh. Trí chreataí beartais fóna eacnamaíocha a ullmhú, lena n-áirítear trí iarrachtaí an Aontais agus institiúidí airgeadais idirnáisiúnta a ghiaí, cruthófar timpeallacht fhabhrach do gheilleagair ghlasa nua-aimseartha lena meallfar infheistíocht agus lena gcuirfear forbairt inbhuanaithe agus malartuithe gnó chun cinn. Tugann an Chomhairle dá haire go bhfuil cuidiú macra-airgeadais ó CAI agus ón Aontas den tábhacht do na tíortha comhpháirtíochta sin ina bhfuil staid eacnamaíoch agus airgeadais thar a bheith deacair, nuair atá athchóirithe struchtúracha á saothrú acu agus nuair a chomhlíontar na coinníollacha. Spreagann an Chomhairle tuilleadh dul chun cinn chun DCFTAnna a chur chun feidhme ina n-iomláine chun deiseanna nua trádála agus infheistíochta a chruthú. Faoi thionscnamh EU4Business, cuirfidh Saoráid DCFTA tacaíocht bhreise ar fáil do FBManna chuige sin.

6. Ag meabhrú di an tábhacht a bhaineann le geilleagar digiteach, is díol sásaimh don Chomhairle an plé a rinneadh ag an gcruinniú a bhí ag Comhpháirtíocht an Oirthir ar leibhéal na n-airí maidir leis an gComhphobal Digiteach agus tá súil aici gur trí chóineasú breise rialála go mbainfear amach comhchuibhiú na margaí digiteacha, agus go laghdófar bacainní agus baic ar an leas is fearr is féidir a bhaint as geilleagar digiteach.
7. Aithníonn an Chomhairle go dtugtar na sochaithe i mBallstáit an Aontais agus sna tíortha comhpháirtíochta níos gaire dá chéile mar gheall ar shoghluaisteacht agus teagmháil idir daoine. Meabhraíonn an Chomhairle di gur croíchuspóir Chomhpháirtíocht an Oirthir í soghluaisteacht fheabhsaithe saoránach i dtimpeallacht shlán dhea-bhainistithe. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé go ndéanfaí na próisis chinnteoireachta atá ag teastáil maidir le léirscaoileadh víosaí don tSeoirsia agus don Úcráin araon a thabhairt chun críche go tráthúil. Tá an Chomhairle ag tnúth le féachaint, in am trátha, faoi idirphlé maidir le víosaí leis an Airméin agus is díol sásaimh di na céimeanna atá déanta chun an Chomhpháirtíocht Soghluaisteachta leis an Asarbaiseáin a chur chun feidhme. Is díol sásaimh don Chomhairle freisin gur síníodh an Chomhpháirtíocht Soghluaisteachta leis an mBealarúis agus tá sí ag tnúth le tabhairt chun críche chaibidlíocht an Chomhaontaithe um Eisiúint Víosaí a Éascú agus an Chomhaontaithe um Athligeán Isteach.
8. Tá comhar san oideachas, san eolaíocht, i dtaighde, i gcultúr, in oiliúint, san óige agus sa nuálaíocht bunriachtanach maidir le tuiscint fhrithpháirteach a threisiú, le hinstitiúidí a neartú agus le nuachóiriú agus forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn. Aithníonn an Chomhairle gur trí theagmhálacha idir daoine, lena n-áirítear bearta i ndáil le fothú acmhainní sna réimsí sin, go gcuidítear le poist a chruthú, le fiontraíocht mhéadaithe, le soghluaisteacht agus le caidreamh níos láidre leis an tsochaí.
9. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá sé plé a dhéanamh le heagraíochtaí na sochaí sibhialta, leis an óige agus le húdaráis áitiúla, lena n-áirítear cur chun feidhme na gClár Oibre Comhlachais agus na dTosaíochtaí Comhpháirtíochta, ar bhealach a chuireann le haistriú daonlathach agus eacnamaíoch na dtíortha comhpháirtíochta. Le hacmhainneacht nuálaíochta ghníomhaithe na sochaí sibhialta, cabhrófar le rialtais chomhpháirtíochta chun próisis chuimsitheacha agus athchóirithe cuimsitheacha a shaothrú ar bhealach níos fearr. Táthar ag súil go ndéanfaidh Comhaltachtaí na Sochaí Sibhialta faoin tionscnamh EU4Youth an acmhainneacht sa réimse seo a fhorbairt tuilleadh. Tá Fóram de Shochaí Shibhialta Chomhpháirtíocht an Oirthir tábhachtach i ndáil leis an méid sin freisin.

10. Athdheimhníonn an Chomhairle gur réimse ríthábhachtach í rannpháirtíocht an Aontais Eorpaigh laistigh de Chomhpháirtíocht an Oirthir. Tá tábhacht ar leith ag baint le hidirnáisc fuinnimh, soláthar rianúil gáis agus úsáid inbhuanaithe na n-acmhainní fuinnimh, lena n-áirítear trí fhéachaint ar acmhainneacht neamhshaothraithe na héifeachtúlachta fuinnimh, i ndáil le foinsí fuinnimh a éagsúlú agus teacht aniar a neartú sna tíortha comhpháirtíochta. I ndáil leis sin, iarrann an Chomhairle margaí fuinnimh a fheidhmíonn go maith le creat rialála atá cobhsaí, trédhearcach agus fabhrach don infheistíocht, agus spreagann sí idirnascacht leictreachais agus gáis idir na tíortha comhpháirtíochta agus an tAontas Eorpach a fheabhsú tuilleadh, chomh maith le hinfheistíocht bhreise san fhuinneamh in-athnuaite. Ní mór a dheimhniú faoi seach go gcloífead leis na caighdeáin idirnáisiúnta is airde maidir le sábháilteacht núicléach agus cosaint an chomhshaoil.
11. Measann an Chomhairle go bhfuil Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe agus Comhaontú Pháras 2015 maidir leis an Athrú Aeráide ina ngnéithe ábhartha eile i gcomhthéacs na rannpháirtíochta le comhpháirtithe Chomhpháirtíocht an Oirthir. Is díol sásaimh don Chomhairle é an chéad chruinniú aireachta de chuid Chomhpháirtíocht an Oirthir maidir leis an gComhshaol agus leis an Athrú Aeráide mar aitheantas ar an tábhacht a bhaineann le comhar leantach ar shaincheisteanna comhshaoil agus iarrann sí go gcuirfead chun feidhme an dearbhú aireachta.
12. Tugann an Chomhairle dá haire go bhfuil feabhsú na nasc ar bhóthar, ar iarnród, ar an bhfarraige nó san aer idir an tAontas Eorpach agus na tíortha comhpháirtíochta, agus idir na comhpháirtithe iad féin, ag teastáil chun cur leis an tsoghluaisteacht agus leis an bhforbairt eacnamaíoch. Tá sraith leasuithe spriocdhírthe i réimse an iompair chomh tábhachtach céanna chun an cuspóir sin a bhaint amach. Tugann an Chomhairle dá haire go gcuirfidh an síneadh a comhaontaíodh le déanaí ar Ghréasán Thrás-Eorpach Iompair (TEN-T), le tacaíocht ó phlean gníomhaíochta fadtéarmach agus sásraí leordhóthanacha airgeadais, le rathúnas eacnamaíoch agus cobhsaíocht i limistéar Chomhpháirtíocht an Oirthir.
13. Ag meabhrú di a Conclúidí ó mhí na Nollag 2015 maidir leis an athbhreithniú ar Bheartas Comharsanachta na hEorpa, leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé go mbeadh comhar níos láidre idir an tAontas Eorpach agus comhpháirtithe Chomhpháirtíocht an Oirthir i réimse na slándála, lena n-áirítear athchóiriú na hearnála slándála, bagairtí hibrídeacha, bainistiú teorainneacha, an troid i gcoinne na cibearchoireachta. Is mór ag an gComhairle a thábhachtaí atá an comhar i saincheisteanna a bhaineann leis an gComhbheartas Slándála agus Cosanta agus is díol sásaimh di rannchuidiú tábhachtach na dtíortha comhpháirtíochta do Mhisin agus d'oibríochtaí CBSC de chuid an Aontais Eorpaigh.

14. Iarrann an Chomhairle go ndéanfaí iarrachtaí nua ionas go mbeidh réiteach síochánta ar choinbhleachtaí sa réigiún ar bhonn phrionsabail agus noirm an dlí idirnáisiúnta. Tá réiteach coibhleachtaí, cothú muiníne agus caidreamh maith idir comharsana ríthábhachtach d'fhonn forbairt agus comhar eacnamaíoch agus sóisialta a bheith ann. Tá an tAontas Eorpach tiomanta i gcónaí tacú le neamhspleáchas, iomláine chríochach agus ceannasacht a chomhpháirtithe uile. Meabhraíonn an Chomhairle di ról an Aontais Eorpaigh i ndáil le coibhleachtaí a réiteach agus le hiarrachtaí chun muinín a fhorbairt chun tacú leis na formáidí agus leis na próisis aontaithe atá ann cheana.
15. Iarrann an Chomhairle go ndéanfaí iarrachtaí leanúnacha chun cumarsáid straitéiseach Chomhpháirtíocht an Oirthir a fheabhsú, agus go n-áiríteofaí infheictheacht agus cothú caidrimh níos fearr don bheartas agus do na torthaí a thiocfaidh as . Ba cheart a áireamh leis sin tacaíocht ghaolmhar do chomhpháirtithe agus tacaíocht do na meáin neamhspleácha sa chomharsanacht agus obair chun feasacht agus cumas freagartha an phobail ar bhréagaisnéis ag gníomhaithe seachtracha a fheabhsú. I ndáil leis an méid sin, is díol sásaimh don Chomhairle obair Thascfhórsa East StratCom de chuid SEGS.
16. Tá an Chomhairle ag tnúth leis an gcéad chruinniú mullaigh eile de chuid Comhpháirtíocht an Oirthir a bheidh ar siúl i mí na Samhna 2017 sa Bhruiséil, agus fillfidh sí ar an ábhar sin roimh an samhradh. Ag an gCruinniú Mullaigh déanfar athbhreithniú ar na torthaí a tháinig as Comhpháirtíocht an Oirthir ó Ríge agus pléifear an bealach ar aghaidh chun comhar a neartú tuilleadh idir na tíortha comhpháirtíochta agus an tAontas agus i measc na gcomhpháirtithe. Spreagann an Chomhairle an tArdionadaí agus an Coimisiún Eorpach i gcomhar leis na Ballstáit agus le tíortha comhpháirtíochta chun leanúint leis an obair ullmhúcháin don Chruinniú Mullaigh, lena gcuimsítear réimse spriocanna insoláthartha, lena n-áirítear na ceithre réimse tosaíochta a comhaontaíodh in Ríge.